

TAOBH ISTIGH:

Buaicphointí 2
na bliana 2015-
2016

Comórtas 2
Fiontraíochta

Comórtas 2
Liteartha
Gaeltachta

Torthaí Lá 3
Spóirt

Imeachtaí Eile 3
Spóirt

Turais Scoile 4

Bronnadh na 4
nduaiseanna

Coláiste Chroí Mhuire

SAMHRADH, 2016

EAGRÁIN 13

Focal ón bPríomhoide



Bronnadh na Gaelbhartaí ar an scoil i mbliana mar gheall ar na himeachtaí ar fad a bhí ar siúl leis an nGaeilge a chuir chun cinn sa scoil. Rinne an coiste Gaelbhrtach, faoi stiúir Fionnuala Ní Ráinne an-obair i rith na bliana. Maith sibh agus comhghairdeachas libh ar fad

Tá gathanna na gréine ag rince ar an bhfarraige. Comhartha aimsir na scrúduithe. Comhartha dheireadh scoilbhliain eile. Comhartha dom macnamh a dhéanamh ar an mbliain atá imithe agus buíochas a ghlacadh.

Tá saol na scoile gnóthach agus saibhir. Bíonn neart na scoile ag brath ar dhaoine, braitheann sé ar an bhfoireann, ar scoláirí, ar thuismitheoirí agus ar an bpobal. Tá sé de phribhléid againn i gColáiste Chroí Mhuire go bhfuil muid ag plé le daoine a oibríonn go crua agus a thugann fuinneamh, tacaíocht agus cúram dá chéile agus don scoil.

Do na múinteoirí:

Glacaim buíochas leis na múinteoirí. Tá a fhios againn ar fad go mbíonn torthaí na scrúduithe stáite i bhfad os cionn an mhéain náisiúnta, ach tuigean muid freisin nach shin é an scéal iomlán. Tugann na múinteoirí a gcuid ama arís agus arís eile laistigh agus lasmuigh den seomra ranga agus taobh amuigh den bhliain scoile. Ní mór aitheantas agus buíochas a thabhairt ar ucht na ranganna a eagraítear tar éis am scoile, ag deiridh na seachtaine, le linn laethanta saoire agus as ucht na n-imeachtaí cultúir, spóirt, teanga, acadúla agus fiontraíochta a dhéanann an fhoireann.

A thuismitheoirí:

Glacaim buíochas libh a thuismitheoirí as ucht bhur gcuid tacaíochta ar fad agus as ucht bhur gcuid mac agus iníonacha a chur chugainn. Léiríonn an tinreamh ag

cruinnithe, an tacaíocht d'imeachtaí ar nós an choirmcheoil agus an cúnamh a thugann thuismitheoirí ar nós Donna Cox agus Aodhán Mac Cormaic do na foirne camógaíochta, an saibheas atá sa scoil. Tréaslaím le

hobair Choiste na Tuismitheoirí agus tá a fhios agam go mba mhaith leis an gCoiste fáilte a chur roimh bhaill nua san fhómhair.

Le buíochas do na scoláirí:

Aon uair a fhágann ár scoláirí an scoil le dul chuig imeacht nó ar thuras; aon uair a thugann muid aoí-chainteoir isteach, bíonn an scéal céanna ann, 'sé sin go bhfaigheann micléinn Choláiste Chroí Mhuire ard-mholadh. Aon uair a iarrtar ar na scoláirí breathnú amach do dhuine nó do ghrúpa atá ag fulaingt, tugann said níos mó ná mar a shamhlófaí. Is mór an chreidiúint iad daltaí Choláiste Chroí Mhuire dá muintir, dá scoil, dá gceantar agus dóibh féin, agus is aoibheann linn ar fad a bheith ag obair leo. Bheadh dóchas againn go dtiocfaidís ar ais mar aoí chainteoirí amach anseo chun an chéad ghlún eile daltaí a spreagadh, mar a rinne ár n-iar-mhaclaínn **Máire Ní Neachtain**, Baile an tSagairt agus **Mícheál Breathnach**, thuismitheoir, na hAille, i mbliana.

Na bunscoileanna aitiúla

Faigheann muid an-tacaíocht ón bpobal áitiúil freisin. Thug múinteoirí agus scoláirí Scoil Éinne, scoil Sailearna agus Scoil Choilmcille, an Tulach an uchtach dúinn nuair a tháinig said chuig an Taibhearc chun codanna den choirmcheoil a fheiceáil. Táimid buíoch freisin do mhúinteoirí agus do ranganna Scoil Éinne a tháinig chuig an Seó Eolaíochta a bhí againn le linn Seachtain na hEolaíochta.

Pleanáil teanga

Táimid ag obair freisin leis an bhFóram um Pleanáil Teanga do cheantar Chois Fharraige ar mhaithe leis an nGaeilge a chaomhnú agus a neartú mar theanga na ndaoine sa cheantar. Chuir an Fóram cúrsa féiniúlachta ar fáil do dhaltai na hIdirbhliana agus bhí seisiún an-fhiúntach ag foireann Choláiste Chroí Mhuire le múinteoirí Choláiste Choilmcille faoi stiúr an teagolaí Muiris Ó Laoire Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ar an 1ú Meitheamh

Muireann Uí Nuadhnáin

Fágann muid slán agus beannacht le Muireann Uí Nuadhnáin, múinteoir Teagasc Reiligiúin agus Béarla atá ag dul ar scor i mbliana. Glacann muid buíochas le Muireann as ucht a cuid oibre ar son na scoile tríd na blianta, agus guíonn muid gach rath uirthi don todhchaí. Tá Muireann níos mó ná fiche bliain i gC.C.M. Thosaigh sí leis an gclár dubh san am nach raibh mórán cainte ar an teicneolaíocht, ach in aineoinn na n-athruithe ar fad ata tagtha ar an saol, tá an gá le hoideachas reiligiúnda chomh mór agus a bhí riamh.

Bríd Uí Chatháin.

Tá an cúntóir riachtannais speisialta Bríd ag éirí as a post freisin i mbliana. Tá súil againn go bhfágfaidh Dia an tsláinte aici agus go mbainfidh sí tairbhe as an scíth. Ár mbuíochas duit a Bhríd as ucht an méid oibre a rinne tú sa scoil ó thosaigh tú linn i 2011.

Glacaim buíochas le Dia as ucht na bliana maithe a bhí againn anseo sa scoil, agus guím gach rath ar na ranganna teistiméireachta agus oraibh ar fad don samhradh.

Le dea-ghuá,

Triona Uí Mhurchú.



Daltaí na hArdteiste i mbliana: Dillon Ó Ceallacháin & Cliona Ní Fhlannaire le Triona Uí Mhurchú.

2015-16...Ar bhóithrín na smaointe

Thug na scoláirí go leor cúiseanna ceiliúrtha dúinn i mbliana, ní fhéadfaí iad ar fad a lua anseo, ach i measc na mbuaicphointí domsa go pearsanta bhí...

- Torthaí na hArdteiste agus an Teastas Sóisearaigh 2015
- Bronnadh na Gaelbhraí ar an scoil.
- Na duaiseanna litríochta ar fad a ghnóthaigh na scoláirí.
- An cheolchoirm 'Mise Éire'
- Bóithrín na Smaointe...gníomh fiontraíochta na hIdirbhliana.
- An spórt ar fad..peil, camógaíocht, liathróid láimhe, cispheil, sacar, rásaíocht tras tíre, an Lá Spóirt i gColáiste Chonnachta.
- Na foirne díospóireachta.
- 'Tradmharc', an grúpa a ghlac páirt sa chomórtas 'Scléip'.
- Na foirne Tráth na gCeist.
- An sult a bhain na daltaí agus na múinteoirí as an Iodáil, as Acaill, as campáil sna Forbacha, as Páirc na dTayto agus as an mbailé i mBÁC
- Na comórtais Matamaitice agus Tíreolaíochta.
- An comórtas Lego.
- Na B.B.Q-anna.
- An múrphictiúr sa cheaintín (pictiúr ar dheis)



Comórtas Náisiúnta Fiontraíochta na gComhar Creidmheasa



Bhí an bhliain ag rang na hIdirbhliana i mbliana ó thaobh na fiontraíochta de. Bhuaigh siad Comórtas Áitiúil Fiontraíochta Comhar Creidmheasa Cholmille. Chuaigh siad ar aghaidh agus bhuaigh siad an Chomórtas Náisiúnta Fiontraíochta na gComhar Creidmheasa Gaeltachta. Bronnadh duais airgid sa chomórtas seo (pictiúr ar chlé). Freisin bhuaigh Comórtas Fiontraíochta Junior Achievements i dteannta le Údarás na Gaeltachta do cheantar Chonamara. Faoi stiúir Mairéad Uí Dhiollúin chuir siad comhlacht ar bhun ar a tugadh "Bóithrín na Smaointe". Dhearadar pictiúr d'íomhánna a bhain leis an saol i gConamara sna 1970oidí agus 1980oidí.

Comórtas Liteartha Gaeltachta- Údarás na Gaeltachta Comóradh Céad Bliain 1916

Buaiteoirí

Rannóg Alt Iriseoireachta Faoi 16

- 1ú Duais go Réigiúnach- Rosanna Ní Chuláin 2ú bliain
- 1ú Duais go Náisiúnta - Rosanna Ní Chuláin 2ú bliain
- 2ú Duais go Réigiúnach- Siobhán Ní Neachtain 2ú Bl.
- 3ú Duais go Réigiúnach- Bróna Ní Cheallachán 1ú Bl.

Piosa Filíochta faoi 16

- 2ú Duais go Réigiúnach- Kate Scott 2ú bliain.



Ag an ócáid bronnadh an chomórtas liteartha bhí ó chlé: Jackie MacDonnacha, Stiofán Ó Cualáin - Príomh Oifigeach Feidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Máire Holmes, Bróna Ní Cheallacháin, Rosanna Ní Chuláin, Kate Scott, Fionnuala Ní Ráinne, Muireann Ní Dhróighneáin -Ealaín na Gaeltachta; agus Brian Ó Baoill.

Torthaí Lá Spóirt agus Bronnadh Duaiseanna Spóirt

	Buachaillí ón gCéad bhliain	Cailíní ón gCéad bhliain	Buachaillí Sóisearacha	Cailíní Sóisearacha	Buachaillí Sinsearach	Cailíní Sinsearach
Caitheamh Meacháin	Cian MacAodha Mike Mac Dubhghaill	Fódhlan Ní Bhraonáin Ana Breathnach	Eimhin Ó Diollúin Oran MacLochlainn	Aoife Nic Chormaic Luca Anna NicLochlainn	Dillon Ó Ceallacháin Iain Ó Nuadhnáin	Áine Ní Dhonnacha Céilí Breathnach
Poc Fada	Tommy Mac Donnacha Cian Ó Faoláin	Fódhlan Ní Bhraonáin Aobh Ní Dhubhghaill	Oran MacLochlainn Eoin Ó hOistir	Aoife Nic Dhonnacha Aoife Nic Chormaic	Gearóid Ó Conghaile Oisín Ó Neachtain	Áine Ní Dhonnacha Mary Ní Fhéinne
Ciceanna Píonóis	Michéal ó Curraoin Cian MacAodh	Liadan Canney Bróna Ní Cheallacháin	Conor Ó Gamhnáin Darragh Cox	Aoife Nic Dhonnacha	Cathal Ó Gamhnáin Conall Ó Caoimh	Áine Ní Dhonnacha
Rásaí - 100m	Cathal Ó Dioráin Cian MacAodha	Aobh Ní Dhubhghaill Fódhla Ní Bhraonáin	Cian Deane Eimhin Ó Diollúin	Máire Ní Fhrighíl Blanca Ní Dhonnabháin	Conall Ó Caoimh Cathal Ó Gamhnáin	Áine Ní Dhonnacha Caoimhe Ní Churraoin
Rásaí - 200m	Cathal Ó Dioráin Mike Mac Dubhghaill	Aobh Ní Dhubhghaill Fódhla Ní Bhraonáin	Cian Deane Eimhin Ó Diollúin	Aoife Nic Dhonnacha Luca Anna NicLochlainn	Conall Ó Caoimh Cathal Ó Gamhnáin	Áine Ní Dhonnacha Caoimhe Ní
Rásaí - 400m	Cathal Ó Dioráin Mike Mac Dubhghaill	Aobh Ní Dhubhghaill Fódhla Ní Bhraonáin	Cian Deane Liam Ó Mainín	Máire Ní Fhrighíl Blanca Ní Dhonnabháin	Conall Ó Caoimh Cathal Ó Gamhnáin	Áine Ní Dhonnacha Sadhbh Ní Chonghaile
Rása Foirne	Sóisir: Máire Ní Fhrighíl, Blanca Ní Dhonnabháin, Darragh Cox agus Eoin Ó hOistir			Sinsir: Evan Ó Cadhain, Eoin Breathnach, Áine Ní Dhonnacha agus Caoimhe Ní Churraoin		
Tarraingt Téide	Emma Ní Churraoin, Fódhla Ní Bhraonáin, Ana Breathnach, Aobh Ní Dhubhghaill, Cian Ó Faoláin, Cian MacAodh, Cian Seoige agus Tommy MacDonnacha		Rosie Ní Dhubhghaill, Blanca Ní Dhonnabháin, Máire Ní Fhrighíl, Aoife Nic Chormaic, Caoimhín Ó Sé, Eoin Ó hOistir, Oran MacLochlainn agus Chris Ó Coileáin		Laura Ní hEimhrín, Siorcha Ní Fhrighíl, Cliona Ní Fhlannaire, Emer Nic Dhonnacha, Dillon Ó Ceallacháin, Iain Ó Nuadhnáin, Liam Ó Sé agus Conall Ó Caoimh	

Laochra Spóirt na Scoile 2016



Bronnadh an onóir seo i mbliana ar Evan Ó Cadhain agus ar Romy Ní Chuinneagáin. Déanann Romy go leor don scoil ó thaobh na cispheile de agus ár ndóigh imríonn sí ar fhoireann na hEir-eann- faoi 17. Tá an - cháil ar Evan mar imreoir sacair agus tá sé ar fhoireann Chonnachta faoi 18 faoi láthair



Foireann Mionúir Scoileanna Chonamara. Bhí an-bhliain ag an bhfoireann seo, d'éirigh leo dul chomh fada le Craobh Chonnacht ach bhí an lámh in uachtar ag Cinn Mhara an lá sin.

Ar chlé: Comhghairdeachas le hÁine Ní Dhonnacha a ainmníodh mar bhan-imreoir na Féile ag Comórtas Pheil na Gaeltachta.



Thuas: Buachaillí ón scoil atá ar fhoireann na Gaillimhe sa 'Celtic Challenge': Shane Mac Fhlannacha, Gearóid Ó Conghaile, Oisín Ó Neachtain & Ceillan Ó Linnáin.

Turais Scoile



I mbliana is go dtí Lake Garda a d'imigh muid ar thuras scoile na h-Idirbhlíana agus na Ceathrú Bliana. D'éitilt muid isteach go Milan agus thug muid cuairt ar Verona ar an gcéad lá. Bhí teach Juliet i measc na bhfoirgneamh agus 'sráideanna áilne a chonaiceamar. Chuamar go dtí na radharcanna cáiliúla i Venice ar an dara lá. Bhí deis acu ar fad dul ar na Gondolas agus tá súil againn go mairfidh an chuimhne seo leo go deo. Bhí an triú lá thar a bheith taitneamheach i nGardaland. Thugamar cuairt ar Mhalsesine, baile álainn agus chuamar ar na carranna cáble. Bhí turas den scoth againn. Mar is gnáth bhí iompar na ndaltaí thar barr. Ár mhuíochas le Maire Ní Chonchubhair a d'eagraigh an turas agus Hilary Vesey, Piaras Ó Mainín, Mairéad Uí Dhiollúin agus Neasa Uí Choileáin agus a bhí in éineacht leo.



Thuas agus ar chlé: Grúpa ón gcéad agus dara bliain a chuaigh ar thuras thar oíche go hAcla i Mí Bealtaine. Bn Uí Nuadhnáin agus Iníon Ní Chéidigh a bhí leo. Bhain siad triail as go leor gníomhaíochtaí difrúla. D'fhan lucht na céadbhlíana san brú óige agus champáil lucht na dara bliana. Bhain siad ar fad an-taitneamh as an turas

Bronnadh na nduaiseanna - 2016

Daltaí na bliana



Thuas: Bronnadh Corn Uí Churraoin ar Chonall Ó Caoimh i mbliana, in aitheantas dá chumas matamaitice. Sa phictiúir le Conall tá Neasa Uí Choileáin, an múinteoir a bhí aige don teastas sóisearach.

- An Chéad Bhliain: Eilís Ní Shé & Mike MacDubhghaill
- An Dara bliain: Aoife Nic Dhonnacha & Liam Ó Mainín
- An Triú Bliain: Líadh Robertson & Caoimhín Ó Sé
- Idirbhliain: Amber Devaney & Gearóid Ó Conghaile
- An Cúigiú Bliain: Sarah Ní Cheallacháin & Ruairc Ó Murchú
- An Ardteist: Cliona Ní Fhlannaire agus Dillon Ó Ceallacháin



SPIORAD NA SCOILE: SORCHA NÍ FHRIGHÍL

I mbliana bronnadh an duais 'Spiorad na Scoile' ar Sorcha Ní Fhrighíl ón Ardteist. Leis an duais seo tá an Bord Bainistíochta ag tabhairt aitheantas do Shorcha toisc gur léirigh sí éiteas na scoile ina cuid oibre, ina dearcadh in a cuid rannphairtíocht in imeachtaí scoile agus ina dílseacht d'úsáid laethiúil na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Molaimid Sorcha a bhfuil an duais seo tuillte aici de bharr a cuid oibre ar fad ó thainig sí isteach sa scoil i 2010.'

DUAIS CEIST:

SARAH NÍ CHEALLACHÁIN



I mbliana bronnadh 'Duais na bPátrún' CEIST ar Sarah Ní Cheallacháin, mac léinn sa cheathrú bliain. Bronnadh agus bronnfar an duais bliantúil seo ar an scoláire a léirigh gnéithe luachmhara CEIST agus é/í i mbun a c(h)uid oibre sa scoil. Caitheann Sarah go cóir, go freagrach agus go measúil le gach duine a chasann sí air/uirthi. Mheas foireann na scoile go raibh an t-aitheantas tuillte go maith aici. Tá súil againn go bhfeicfidh na daltaí eile an dea-shampla a thaispeánann Sarah. Maith thú a Sarah

Coláiste Chroí Mhuire
Fón: 553113
Faics: 553412
Ríomhhost:
colaistechroimhuire@gmail.com